

Teachtaireacht ón bPríomhchigire chuig Iar-bhunscoileanna agus Lárionaid Oideachais

[An Scoilbhliain 2021–22]

Agus scoilbhliain neamhghnách eile ag teacht chun deiridh, táim ag déanamh teagmhála libh chun sibh a chur ar an eolas faoi shocruithe d'obair chigirí le scoileanna ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh. Ar dtús, áfach, ní mór dom aitheantas a thabhairt don mhéid atá foghlamtha againn faoi obair phobail scoileanna le bliain anuas agus go deimhin ó thosaigh an phaindéim.

Le linn an ama sin, chuaigh na hiarrachtaí éachtacha a rinne go leor ceannairí, múinteoirí, boird agus baill foirne scoileanna chun scoileanna a choinneáil ag feidhmiú go sábháilte agus go héifeachtach do leanaí agus do dhaoine óga, agus chun tacú leo sa bhaile nuair ba ghá scoileanna a dhúnadh, i bhfeidhm go mór ar chigirí. Tá go leor léargas faighte againn chuige seo san obair chomhairleach, thaighde agus mheastóireachta atá déanta againn le scoileanna ó Mhí an Mhárta, 2020.

Tá rudaí athraithe ón am seo anuraidh. Tá modhanna teagaisc, foghlama, agus teagmhála nua feicthe againn laistigh de agus ar fud phobail scoileanna. Tá tuiscint ghrinn faighte, agus á fáil i gcónaí, ag cigirí ar thionchar COVID ar gach duine atá gafa leis an oideachas - go háirithe leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Agus is eol dúinn go raibh iliomad daoine eile – baill foirne agus foghlaimeoirí araon – a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu.

Mar Chigireacht, d'fhoghlaimíomar freisin ar bhealach nua agus níos díri faoi thábhacht an ghutha – éisteacht a thabhairt d'eispéiris an uile dhuine i bpobail ár scoileanna – scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí, boird – agus aird chuif a thabhairt ar na guthanna sin go léir inár gcuid oibre meastóireachta agus comhairleacha.

Agus sinn ag breathnú chun cinn go dóchasach i dtreo na scoilbhliana nua, is mian liom a chur in iúl daoibh go bhfuil ciorclán á fhoilsiú ina mbeidh sonraí ár bpleananna. Go bunúsach, is iad sin:

- Síneadh a chur leis an dara timthriall den fhéinmheastóireacht scoile (FMS) go dtí mí an Mheithimh 2022; tabharfaidh sé seo deis dúinn dul i gcomhairle libh agus le páirtithe leasmhara oideachais eile faoin tréimh timthriall FMS a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2022
- Síneadh bliana eile a chur leis an timthriall pleanála trí bliana DEIS
- Suirbhéanna a dhéanamh ar cheannairí scoile,



múinteoirí agus tuismitheoirí sa téarma ó Mheán Fómhair – Nollaig mar chuid dár gcomhairliúchán ar an gcéad timthriall eile den FMS

- Leanúint lenár gcur i bhfeidhm céimnithe ar ár gclár cigireachta – agus an bhéim don chéad téarma ar chomhairle agus tacaíocht trí shamhail na cigireachta teagmhasaí – tá an-mheas againn ar na solúbthachtaí a thugann an cur chuige cigireachta seo dúinn maidir le bheith i dteagmháil le comhthéacsanna aonair scoileanna
- Leanúint lenár gcuid oibre taighde agus forbartha; táimid ag tnúth ach go háirithe le bheith ag obair le príomhoidí/príomhoidí tánaisteacha scoileanna i sampla de scoileanna chun cuidiú leo a bpróisis FMS a fhorbairt
- Comhairle a sholáthar ar an tslí ina bhfuil bearta frithbhulaíochta á gcur i bhfeidhm ag scoileanna, mar aon le leanúint de sheiceálacha cosanta leanaí a dhéanamh lena n-áirítear Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanáí.

Ag an am seo, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil libh as bhuir dtacaíocht le linn na scoilbhliana seo agus táim ag tnúth go dóchasach le 2021–22 sábháilte, sásúil agus sonasach do chách.

Harold Hislop



An Roinn Oideachais
Department of Education